RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/119 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Samhain 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(5), Airteagal 234(2), Airteagal 237(4) agus Airteagal 239(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Forlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ([2]) na rialacha maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch san Aontas, lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach san Aontas.

(2) Le cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos i ndréacht-Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le hainmhithe uisceacha agus a dtáirgí, cuireadh in iúl go bhfuil soiléireacht níos mó de dhíth maidir le cibé tráchtearraí atá eisiata ó raon an dréacht-Rialacháin sin. Go háirithe, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta agus a thagann isteach sa bhiashlabhra atá beartaithe lena gcaitheamh go díreach ag an duine eisiata ó raon an Rialacháin sin. Ina theannta sin, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha cé is moite d'ainmhithe uisceacha beo, nach bhfuil sé beartaithe lena bpróiseáil tuilleadh san Aontas, eisiata ó raon Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart Airteagal 1(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(3) Chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara in iúl gur cheart do na foirne sin a dhéanann úicítí nach bhfuil toirchithe a bhailiú agus a láimhseáil amháin a áireamh sa sainmhíniú ar "foirne bailithe suthanna" in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 i ndiaidh na bhforbairtí agus na speisialtóireachtaí in earnáil na dtáirgí geirmeacha le déanaí. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú sin a leasú chun na foirne sin a chuimsiú ann.

(4) Ina theannta sin, chun críoch na gceanglas sonrach le haghaidh each-ainmhithe a mhéid a bhaineann le tinneas Afracach eachaí agus einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, pointí 2.1 agus 2.2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, is gá sainmhíniú ar "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí" a leagan amach in Airteagal 2 den Rialachán Tarmligthe sin. Tá sainmhíniú ar "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí" ann cheana in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([3]) i gcomhthéacs ionfhabhtú leis

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch san Aontas, agus lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, maidir le cláir dhíothaithe agus maidir le stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus do ghalair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

an víreas gormtheanga (séiritíopa 1-24). Dá bhrí sin, ba cheart don sainmhíniú ar "bunaíocht veicteoir-chosanta" in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, chun críoch thinneas Afracach na gcapall agus Einceifilimiailíteas eachaí Veiniséalach, a bheith comhsheasmhach leis an sainmhíniú ar "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí" in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Ba cheart Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, dá bhrí sin, a leasú dá réir.

(5) Foráiltear le hAirteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do ghluaiseachtaí peataí, cé is moite de ghluaiseachtaí neamhthráchtála, na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a chomhlíonadh a leagtar síos i gCodanna IV agus V de. Le hAirteagal 3(5) den Rialachán sin, tugtar cumhacht freisin don Choimisiún rialacha a leagan síos maidir leis na hoiriúnuithe is gá chun a áirithiú go gcuirfear Cuid IV agus V de i bhfeidhm ar bhealach cuí ar pheataí, go háirithe chun a chur san áireamh go bhfuil peataí á gcoimeád i dteaghlaigh ag coimeádaithe peataí. Dá réir sin, is gá na ceanglais ghinearálta a oiriúnú i dtaca le modh iompair ainmhithe talún a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus i dtaca leis na ceanglais maidir le gluaiseacht agus láimhseáil ainmhithe talún tar éis a dteacht isteach san Aontas a leagtar síos in Airteagal 19 den Rialachán Tarmligthe sin maidir le peataí atá á gcoimeád i dteaghlaigh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 17 agus 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(6) Foráiltear le hAirteagal 21(1), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nach gceadófar teacht isteach coinsíneachtaí crúbach, cé is moite d'each-ainmhithe, san Aontas ach amháin sa chás gur sainaithníodh ainmhithe na coinsíneachta go haonarach sular seoladh ón mbunaíocht tionscnaimh iad, le modh fisiciúil sainaitheanta a bhfuil cód na tíre is onnmhaireoir i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166 i bhformáid cóid dhá litreach ar taispeáint go sofheicthe, go soléite agus doscriosta, i measc nithe eile. Is gá foráil a dhéanamh do mhaolú ón gceanglas sin chun gur féidir leis na Ballstáit teacht isteach crúbacha den sórt sin san Aontas a cheadú, a sainaithnítear le modh fisiciúil sainaitheanta iad ina dtaispeántar cód na tíre is onnmhaireoir atá éagsúil ón gcód atá de réir Chaighdeán ISO 3166. Níor cheart maolú den sórt sin a bheith tugtha ach amháin ag an gCoimisiún agus arna iarraidh sin do thríú tír nó críoch lena mbaineann.

(7) Foráiltear le hAirteagal 38(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, i ndiaidh briseadh amach fliú éanúil ardphataigineach i dtríú tír nó críoch, nó crios di a measadh roimhe seo a bheith saor ó ghalar, go meastar an tríú tír nó críoch, nó crios di, a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach, nuair a dhéanann údarás inniúil na tríú tíre nó críche, tar éis beartas díbeartha agus glanadh agus díghalrú leordhóthanach a dhéanamh ar gach bunaíocht a bhí ionfhabhtaithe roimhe seo, clár faireachais le linn tréimhse ar a laghad 3 mhí i ndiaidh an beartas díbeartha agus an glanadh agus an díghalrú a chur i gcrích. Mar sin féin, níl an tréimhse ama sin comhsheasmhach leis an tréimhse ama is infheidhme i ndiaidh bristeacha amach fliú éanúil ardphataigineach i mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 38(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(8) Foráiltear le hAirteagal 53, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, nach gceadófar teacht isteach coinsíneachtaí éan i mbraighdeanas san Aontas ach amháin i gcás ina sainaithnítear na hainmhithe sa choinsíneacht le huimhir shainaitheanta aonair, ina bhfuil, *inter alia*, cód na tríú tíre nó críche tionscnaimh lena gcomhlíontar Caighdeán ISO 3166 i bhformáid dhá litreach. De bharr roinnt éan a bheith sainaitheanta go bailí sna tríú tíortha nó críocha nach iad na tríú tíortha nó críocha óna dtagann na héin isteach san Aontas nó a bhfuil uimhir aitheantais aonair acu, lena n-áirítear cód na tríú tíre nó críche tionscnaimh i bhformáid trí litreach lena gcomhlíontar Caighdeán ISO 3166, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir sin.

(9) In Airteagal 73 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais maidir le madraí, cait agus firéid a sheoladh chuig an Aontas. Ní fhoráiltear leis oibleagáid formheasa d'ionaid dídine ina seoltar coinsíneachtaí madraí, cat agus firéad chuig an Aontas, de bhrí go bhforáiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún ([4])

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140).

oibleagáid formheasa den sórt sin le haghaidh gluaiseachtaí laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a ailíniú i dtaca leis sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 agus ba cheart Airteagal 73 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(10) Foráiltear le hAirteagal 79 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 nach gceadófar teacht isteach coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna bó-ainmhithe, muc-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair agus each-ainmhithe san Aontas ach amháin i gcás inar bailíodh iad ó ainmhithe a thagann ó thríú tíortha nó críocha a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 22 de. Foráiltear le hAirteagal 22 den Rialachán Tarmligthe sin nach gceadófar do choinsíneachtaí den sórt sin teacht isteach san Aontas i gcás ina gcomhlíonann siad, *inter alia*, toirmeasc ar bho-ainmhithe, ar mhuc-ainmhithe, ar ainmhithe den chineál caorach, ar ainmhithe den chineál gabhair agus ar each-ainmhithe bronntacha a vacsaíniú i gcoinne galar crúibe agus béil, i measc galair eile. Mar sin féin, ceadaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún ([5]), chomh maith le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (EDSA) bo-ainmhithe, muc-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair agus each-ainmhithe a vacsaíniú i gcoinne galar crúibe agus béil faoi imthosca áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 79 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun foráil a dhéanamh do mhaolú ar vacsaíniú den sórt sin agus chun an tAirteagal sin a ailíniú le rialacha inchomparáide is infheidhme laistigh den Aontas chomh maith le caighdeáin idirnáisiúnta.

(11) In Airteagal 117 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le coinsíneachtaí táirgí geirmeacha d'ainmhithe áirithe a bhfuil sé beartaithe iad a chur i mbunaíochtaí comhdhúnta. Ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, cheistigh roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara comhréireacht na gceanglas sin i bhfianaise sainiúlachtaí na gcoinsíneachtaí sin agus na ndifríochtaí i rioscaí do shláinte ainmhithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, is iomchuí an tAirteagal sin a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le tuilleadh solúbthachta do na Ballstáit chun na rioscaí faoina n-imthosca ar leith a bhainistiú agus ag brath ar an speiceas ainmhithe lena mbaineann agus liostaithe an Aontais de thríú tíortha, críocha nó criosanna údaraithe díobh á gcur san áireamh a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([6]).

(12) Foráiltear le hAirteagal 124, pointe (c)(i) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 nach gceadófar teacht isteach coinsíneachtaí feola úire ainmhithe ar coimeád san Aontas, cé is moite de na hainmhithe sin a choimeádtar mar ghéim saothraithe a maraíodh ar an láthair iad ach amháin i gcás ina bhfuarthas feoil úr na coinsíneachta ó ainmhithe ar coimeád, nach ndeachaigh trí thríú tír nó críoch, nó crios di nach bhfuil liostaithe maidir le teacht isteach speicis agus catagóire áirithe na feola úire san Aontas, i rith an aistir chuig an seamlas. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí éanlaithe clóis, chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, bheadh gá le bóithre nach bhfuil chomh díreach céanna a úsáid i gcásanna áirithe, a mbeadh tionchar aige sin ar ghnáthphátrúin trádála ar bhealach díréireach, agus lena gcuirfí fad leis an am taistil freisin. Chun an fhadhb seo a réiteach agus cur i bhfeidhm beart maolaithe riosca a áirithiú chun scaipeadh galar a chosc, ba cheart maolú ón gceanglas sin, faoi réir coinníollacha áirithe, a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(13) In Airteagal 150 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le teacht isteach coinsíneachtaí táirgí feola san Aontas a mhéid a bhaineann le bunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr a úsáidtear chun táirgí feola a tháirgeadh. Ba cheart an fhoráil sin a leasú chun tagairt a dhéanamh do dháta mharú na n-ainmhithe in ionad an choinsíneacht a sheoladh chuig an Aontas chun nasc níos láidre a chruthú idir na rioscaí do shláinte ainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann le táirgí ar leith sa choinsíneacht.

(14) In Airteagal 156 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 leagtar síos ceanglais maidir le teacht isteach coinsíneachtaí táirgí déiríochta nach bhfuil faoi réir cóireáil maolaithe riosca agus a dtáirgtear ó bhainne amh amháin san Aontas. Ba cheart an fhoráil sin a leasú chun teacht isteach táirgí déiríochta a dtáirgtear ó tháirgí déiríochta nach bhfuil faoi réir cóireáil maolaithe riosca atá faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe a cheadú, mar tá an riosca comhchosúil.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos liostaí na dtríú tíortha, críoch nó criosanna díobh óna gceadaítear teacht isteach ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(15) Le hAirteagal 163 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maolaítear ó Airteagal 3, pointí (a)(i) agus (c)(i) de agus lena leagtar síos na ceanglais shonracha maidir le táirgí ilchodacha fadré. Ba cheart an fhoráil sin a leasú chun foinsiú táirgí déiríochta ó na Ballstáit agus táirgí déiríochta cóireáilte ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe le haghaidh teacht isteach bainne amh san Aontas chun táirgí ilchodacha fadré a thairgeadh a cheadú. Thairis sin, ba cheart na ceanglais a bhaineann le táirgí ilchodacha fadré dá dtagraítear in Airteagal 163(3) a shoiléiriú.

(16) Foráiltear le hAirteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2016/429, féadfaidh gairmithe sláinte ainmhithe uisceacha tabhairt faoi ghníomhaíochtaí atá sannta do thréidlianna faoin Rialachán sin, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe ag an mBallstát lena mbaineann sin a dhéanamh faoin dlí náisiúnta. I dtríú tíortha agus críocha áirithe, rinne gairmithe sláinte ainmhithe uisceacha cigireachtaí cliniciúla ar ainmhithe uisceacha sula n-onnmhairítear iad chuig an Aontas roimhe seo, i dteannta na dtréidlianna. Dá bhrí sin, is iomchuí Airteagal 166 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun cead a thabhairt do ghairmithe sláinte ainmhithe uisceacha cigireachtaí cliniciúla a dhéanamh sula n-onnmhairítear na hainmhithe sin chuig an Aontas, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe sin a dhéanamh, faoi dhlí na tríú tíre nó críche is onnmhaireoir.

(17) Déantar ainmhithe uisceacha áirithe a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), sula dtiocfaidh siad isteach san Aontas. Tá riosca níos lú ag baint leis na hainmhithe uisceacha sin maidir le galair a scaipeadh ná an riosca a bhaineann le hainmhithe uisceacha eile a thagann isteach san Aontas, agus nach ndéantar iad a phacáistiú agus a lipéadú sa bhealach céanna. Dá bhrí sin, is iomchuí Airteagal 167, pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun na hainmhithe uisceacha beo nach dtagraítear dóibh in Airteagal 172, pointe (d), (e) agus (f) den Rialachán céanna a dhíolmhú ón gceanglas iad a sheoladh go díreach óna n-áit thionscnaimh chuig an Aontas. Leis an leasú seo, ceadófar tráchtearraí den sórt sin a choinneáil i bhfuar-stór formheasta mar shampla, faoi bhealach óna n-áit tionscnaimh i dtríú tír nó críoch, chuig a gceann scríbe san Aontas. Ba cheart feidhm a bheith ag díolúine chomhchosúil le hAirteagal 174(1), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 maidir le láimhseáil táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha, cé is moite d'ainmhithe uisceacha, tar éis a dteacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart na hAirteagail sin a leasú dá réir.

(18) Chomh maith leis sin, de bharr an riosca níos lú i dtaobh galair a scaipeadh a bhaineann leis na tráchtearraí sin, ba cheart coinsíneachtaí na n-ainmhithe uisceacha dá dtagraítear in Airteagal 172, pointí (d), (e) agus (f) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a dhíolbhú ón gceanglas dearbhú a bheith ag gabháil leo, a shíníonn máistir ar shoitheach inar iompraíodh na coinsíneachtaí sin é, nuair a thagann siad isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán sin a leasú dá réir.

(19) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 go bhféadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh maidir le galar nach galar liostaithe é dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2016/429, faoi réir coinníollacha áirithe. I gcás ina mbaineann na bearta sin le gluaiseachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha idir na Ballstáit, éilítear orthu a bheith formheasta i gcomhréir le hAirteagal 226(3) den Rialachán sin. Is féidir go mbeidh feidhm ag na bearta sin le galair liostaithe, ar galair de chatagóir E iad mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([8]), agus le galair nach bhfuil liostaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, Teideal 2 de Chuid V de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú chun a shoiléiriú nach amháin go bhfuil feidhm ag bearta náisiúnta, ar formheasadh iad i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 le galair nach bhfuil liostaithe, ach go bhfuil feidhm acu le galair de chatagóir E freisin.

(20) Tá earráid chrostagartha braite in Airteagal 170(1), pointe (a)(iv) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Dá bhrí sin, ba cheart an tAirteagal sin a cheartú tríd an tagairt d'Airteagal 176 a bhaint agus trí thagairt d'Airteagal 175 den Rialachán sin a chur ina áit.

(21) In Airteagal 178 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais speisialta maidir le teacht isteach crúbach, éanlaithe clóis agus ainmhithe uisceacha san Aontas atá de thionscnamh an Aontais agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis do thríú tír nó críoch diúltú dá dteacht isteach. In Airteagal 179 den Rialachán sin, leagtar síos na ceanglais speisialta maidir le teacht isteach ainmhithe san Aontas nach crúbaigh, éanlaith chlóis agus ainmhithe

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

uisceacha iad atá de thionscnamh an Aontais agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis do thríú tír nó críoch diúltú dá dteacht isteach. Mar sin féin, tá an riosca galair ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas ag éin i mbraighdeanas cosúil leis an riosca sin d'éanlaith chlóis. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais speisialta a leagtar amach in Airteagal 178 le héin i mbraighdeanas freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagail 178 agus 179 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(22) In Iarscríbhinn VIII, pointe 4, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na tréimhsí íosta gan cás nó briseadh amach galar áirithe sa bhunaíocht tionscnaimh d'each-ainmhithe a bheith tuairiscithe. Sa phointe sin fágtar amach rogha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil deireadh a chur le srianta gluaiseachta sa chás go bhfuil an tréimhse 30 lá caite tar éis an t-ainmhí deireanach de speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh nó a mharú, agus an áitreabh sa bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú. Tá an rogha sin ar fáil i gcás gluaiseachtaí each-ainmhithe idir na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 do bhunaíochtaí inar tuairiscíodh surra, galar cúplála eachaí nó ainéime thógálach eachaí. San am céanna, i ndeimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Caibidil 12 go 18, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([9]) áirítear rogha na tréimhse 30 lá sin cheana féin gan cás tuairiscithe de surra, de ghalar cúplála eachaí nó d'ainéime thógálach eachaí i mbunaíocht tionscnaimh le haghaidh each-ainmhithe. Dá bhrí sin, is gá Iarscríbhinn VIII, pointe 4, a ailíniú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/692 a ailíniú dá réir.

(23) In Iarscríbhinn X, pointe 1, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais shonracha maidir le teacht isteach ainmhithe den chineál caorach san Aontas a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le *Brucella* dá dtagraítear in Airteagal 24(5) den Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart na ceanglais maidir le tréimhse chónaithe sa bhunaíocht tionscnaimh a ailíniú leis na ceanglais sin dá dtagraítear in Airteagal 11, pointe (b)(iii), den Rialachán Tarmligthe sin agus leis an teacht isteach ábhartha a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál caorach sa tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(24) In Iarscríbhinn XI, pointe 2.1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais shonracha maidir le tinneas Afracach eachaí atá le comhlíonadh ag each-ainmhithe atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, a shanntar do ghrúpa sláintíochta E nó F. Ní mór do na hainmhithe a bheith coimeádta ar leithlis i saoráidí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse ar leith. Is gá an téarma "saoráid atá cosanta ar veicteoirí" a ailíniú, atá forchoimeádta le haghaidh bunaíocht theoranta dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leis an téarma "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí", a shainmhínítear in Airteagal 2 a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(25) In Iarscríbhinn XI, pointe 2.2 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, leagtar síos na ceanglais shonracha maidir le heinceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach atá le comhlíonadh ag each-ainmhithe atá ag teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, a shanntar do ghrúpa sláintíochta C nó D. Ní mór do na hainmhithe a bheith coimeádta ar leithlis i gcoraintín atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse ar leith. Is gá an téarma "coraintín atá cosanta ar veicteoirí" a ailíniú leis an téarma "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí", a shainmhínítear in Airteagal 2 a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

(26) Ina theannta sin, ba cheart na critéir íosta chun stádas bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí ag an údarás inniúil a shonrú. Dá bhrí sin, is gá na critéir sin a leagan amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. Ba cheart do na critéir sin a bheith comhsheasmhach leis na critéir dá bhforáiltear in Iarscríbhinn V, Cuid II, Caibidil 3 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus Airteagal 12.1.10, pointe 1, de Chód na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhíoch (EDSA) um Shláinte Ainmhithe Talún. Ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/692 a leasú dá réir.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, le haghaidh teacht isteach coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha díobh san Aontas agus le haghaidh a ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, maidir le deimhniúchán oifigiúil i ndáil leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

(27) In Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, pointe 2(b), sonraítear an tréimhse ama ina bhfuiltear leis an gcóireáil i gcoinne inmhíolú le *Echinoccocus multilocularis* a thabhairt. Léiríodh gur deacair an tréimhse ama sin a chomhlíonadh. Féadfar méid áirithe solúbthachta a fhoráil gan na rioscaí do shláinte phoiblí nó ainmhithe a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

1. In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (6):

"6. Leagtar síos i gCuid V na ceanglais sláinte ainmhithe maidir le teacht isteach san Aontas, chomh maith lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach, agus maoluithe ó na ceanglais sin maidir leis na speicis seo a leanas d'ainmhithe uisceacha ag gach céim dá saolré chomh maith leis na táirgí de bhunadh ainmhíoch a eascraíonn astu, gan táirgí de bhunadh ainmhíoch a áireamh cé is moite d'ainmhithe uisceacha beo nach bhfuil beartaithe lena bpróiseáil tuilleadh san Aontas agus ainmhithe uisceacha fiáine agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta atá beartaithe lena gcaitheamh go díreach ag an duine:

(a) iasc de speiceas liostaithe a bhaineann leis an bhforaicme *Agnatha* agus leis na haicmí *Chondrichthyes, Sarcopterygii* agus *Actinopterygii*,

(b) moilisc de speiceas liostaithe uisceacha a bhaineann leis an bhfíleam *Mollusca*,

(c) crústaigh uisceacha de speiceas liostaithe a bhaineann leis an bhfofhíleam *Crustacea*,

(d) Ainmhithe uisceacha de speiceas liostaithe in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis an Rialachán seo atá soghabhálach i leith na ngalar uisceacha a bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag Ballstáit ina leith i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún (*)

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1)",

2. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (36):

"(36) ciallaíonn "foireann bailithe suthanna" bunaíocht táirgí geirmeacha ina bhfuil grúpa gairmeacha nó struchtúr atá formheasta ag an údarás inniúil chun úicítí nó suthanna atá díorthaithe ó tháirgeadh in vivo atá beartaithe teacht isteach san Aontas a bhailiú, a phróiseáil, a stóráil agus a iompar,",

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"(50) ciallaíonn "ionaid dídine ainmhithe" bunaíocht ina gcoimeádtar ainmhithe talún a bhí fánach, fiáin, caillte, tréigthe nó coigistithe agus go bhféadfadh sé nárbh eol do stádas sláinte gach cinn de na hainmhithe sin ag tráth a dteacht i bhfeidhm sa bhunaíocht,

(51) ciallaíonn "bunaíocht atá cosanta ar veicteoirí" cuid d'áiseanna bunaíochta nó gach áis atá aici atá cosanta i gcoinne ionsaithe ó, de réir mar is iomchuí, *Culicoides* spp. nó Culicidae trí mhodhanna fisiciúla agus bainistithe iomchuí, a bhfuil stádas bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí á fhormheas ag an údarás inniúil, agus lena gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn XI, pointe 3.",

3. in Airteagal 17, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

"3. Ní bheidh feidhm ag Alt 1 maidir le gluaiseachtaí madraí, cat agus firéad a choinnítear mar pheataí i dteaghlaigh isteach i mBallstát ó thríú tír nó críoch nach féidir gluaiseachtaí neamhthráchtála den sórt sin a dhéanamh, chun críoch neamhthráchtála, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 245(2) nó Airteagal 246(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/429.",

4. in Airteagal 19, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

"4. Ní bheidh feidhm ag Alt 1 agus 2 maidir le gluaiseachtaí madraí, cat agus firéad a choinnítear mar pheataí i dteaghlaigh isteach i mBallstát ó thríú tír nó críoch nach féidir gluaiseachtaí neamhthráchtála den sórt sin a dhéanamh, chun críoch neamhthráchtála, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 245(2)nó Airteagal 246(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/429.",

5. in Airteagal 21, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

"5. De mhaolú ar alt (1), pointe (b), bunaithe ar iarraidh ó thríú tír nó críoch thionscnaimh ar an gCoimisiún agus faoi réir a chomhaontaithe, féadfar cód difriúil i bhformáid cód dhá litreach a chur in áit chód na tíre is onnmhaireoir dá dtagraítear in alt (1), pointe (b).",

6. in Airteagal 38(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) Le linn tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis an beartas díbeartha agus an glanadh agus an díghalrú a chur i gcrích dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), chuir údarás inniúil na tríú tíre nó críche clár faireachais i gcrích, lena dtugtar an muinín, ar a laghad, ag sampla ionadaíoch randamaithe an daonra ainmhithe atá i mbaol, chun a thaispeáint nach bhfuil an galar ann, lena gcuirtear na coinníollacha sonracha eipidéimeolaíocha i dtaca leis an mbriseadh amach/leis na bristeacha amach lenar ghabh torthaí diúltacha san áireamh.",

7. in Airteagal 53, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhrá agus in ionad phointe (a):

"Ní cheadófar teacht isteach coinsíneachtaí d'éin i mbraighdeanas san Aontas ach amháin i gcás ina sainítear na hainmhithe sa choinsíneacht le huimhir aitheantais aonair trí bhíthin fáinne uathúil dúnta marcáilte ceangailte le cos amháin ar a laghad den ainmhí ar a bhfuil taispeáint shofheicthe, sholéite agus dhoscriosta cód alfa-uimhriúil nó trasfhreagróir in-insteallta ag a bhfuil cód alfa-uimhriúil ar taispeáint ina bhfuil ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas:

(a) cód na tríú tíre nó críche inar sainaithníodh i dtosach iad lena gcomhlíontar Caighdeán ISO 3166 i bhformáid dhá litreach nó trí litreach,",

8. in Airteagal 73, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

"3. Ní cheadófar teacht isteach coinsíneachtaí madraí, cat agus firéid a fhoinsítear ó ionaid dídine ainmhithe san Aontas ach amháin i gcás inar seoladh an choinsíneacht sin ó ionaid dídine ainmhithe:

(a) arna formheas ag údarás inniúil na tríú tíre nó na tríú críche i gcomhréir le ceanglais atá ar a laghad chomh dian céanna leis na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035,

(b) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil na tríú tíre nó críche,

(c) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil na tríú tíre nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035.",

9. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 79:

"*Airteagal 79*

An tríú tír thionscnaimh nó an críoch thionscnaimh nó crios di,

1. Ní cheadófar teacht isteach coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna bóainmhithe, muc-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair agus each-ainmhithe san Aontas ach amháin i gcás inar bailíodh iad nó inar táirgeadh iad ó ainmhithe i dtríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó de chríoch a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 22.

2. De mhaolú ar alt 1 den Airteagal seo, i ndáil leis an gceanglas sláinte ainmhithe a leagtar síos in Airteagal 22(4), pointe (a), féadfar teacht isteach coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair san Aontas a cheadú i gcás inar bailíodh iad nó inar táirgeadh iad i dtríú tíortha nó críocha ina ndearnadh vacsaíniú i gcoinne galar crúibe agus béil, ar choinníoll gur bailíodh iad ó ainmhithe i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Cuid 5, Caibidil 1, pointe 3 nó 4, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686.",

10. i gCuid III, cuirfear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal THEIDEAL 3:

"TEIDEAL 3

CEANGLAIS MAIDIR LE SLÁINTE AINMHITHE LE hAGHAIDH TÁIRGÍ GEIRMEACHA AINMHITHE CÉ IS MOITE DE NA TÁIRGÍ SIN DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(4), POINTÍ (A) AGUS (B) A BHFUIL SÉ BEARTAITHE IAD A CHOINNEÁIL I mBUNAÍOCHTAÍ TEORANTA",

11. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 117:

"*Airteagal 117*

Ceanglais maidir le teacht isteach táirgí geirmeacha ainmhithe cé is moite de na hainmhithe sin dá dtagraítear in Airteagal 1(4), pointe (a) agus (b) san Aontas, a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta

Féadfar coinsíneachtaí seamhain, úicítí agus suthanna ainmhithe cé is moite de na hainmhithe sin dá dtagraítear in Airteagal 1(4), pointe (a) agus (b), a bhfuil sé beartaithe iad a choinneáil i mbunaíochtaí teoranta atá suite san Aontas a cheadú lena dteacht isteach san Aontas ar choinníoll:

(a) go ndearna údarás inniúil an Bhallstáit, arb é an ceann scríbe é, measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas de bharr theacht isteach na dtáirgí geirmeacha sin,

(b) go bhfuil ainmhithe bronntacha na dtáirgí geirmeacha sin de thionscnamh tríú tíre nó críche, nó creasa di, údaraithe le haghaidh teacht isteach an speicis agus na catagóire ar leith san Aontas trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún (*), nó de bhun Airteagal 230(2) de Rialachán (AE) 2016/429, ag an mBallstát is ceannscríbe, ag brath ar an speiceas atá i gceist,

(c) tá ainmhithe bronntacha na dtáirgí geirmeacha sin de thionscnamh bunaíochta sa tríú tír nó críoch, nó crios di tionscnaimh, a n-áirítear é i liosta arna bhunú ag údarás inniúil Bhallstát an chinn scríbe óna bhféadfaidh teacht isteach ainmhithe de speiceas sonrach san Aontas a údarú,

(d) Tá bunaíocht theoranta san Aontas i ndán do na táirgí geirmeacha, a fhormheastar i gcomhréir le hAirteagal 95 de Rialachán (AE) 2016/429,

(e) iompraítear na táirgí geirmeacha go díreach chuig an mbunaíocht theoranta dá dtagraítear i bpointe (d)."

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos liostaí na dtríú tíortha, críoch nó criosanna díobh óna gceadaítear teacht isteach ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

12. cuirtear pointe (e) isteach in Airteagal 124 mar a leanas:

"(e) De mhaolú ar phointe (c)(i), le linn aistear coinsíneachtaí éanlaithe clóis chuig an seamlas, féadfaidh siad dul trí chrios tríú tíre nó críche nach bhfuil liostaithe maidir le teacht isteach feola úire éanlaithe cé is moite de raitítigh san Aontas, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) níl bunaíocht tionscnaimh na héanlaithe clóis, chrios na tríú tíre nó críche nach bhfuil liostaithe maidir le teacht isteach san Aontas agus an seamlas suite sa tríú tír nó críoch céanna,

(ii) téitear trí chrios na tríú tíre nó críche sin gan stopadh nó dí-ualú ag an gcrios sin,

(iii) téitear trí chrios na tríú tíre nó críche sin lena dtugtar tosaíocht do phríomhmhórbhealaigh nó d'iarnróid phríomhlíne,

(iv) téitear trí chrios na tríú tíre nó críche sin lena seachnaítear maighne na mbunaíochtaí ina bhfuil ainmhithe den speiceas liostaithe ar coimeád do ghalair ábhartha éanlaithe clóis,

(v) téitear trí chrios na tríú tíre nó críche sin tar éis an bhunaíocht a raibh tionchar fliú éanúil ardphataigineach nó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle uirthi a dhídhaonrú agus a ghlanadh agus a dhíghalrú,

(vi) tar éis don éanlaith chlóis dul trí chrios sin na tríú tíre nó críche, tabharfar isteach go díreach chuig an seamlas agus marófar í laistigh de thréimhse 6 huaire an chloig ón am a shroicheann siad an seamlas.

Murar féidir aon mhalairt iomchuí a dhéanamh agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a liostaítear in (i) go (vi) den phointe seo, féadfaidh éanlaith chlóis a iompraítear chuig an seamlas iad dul trí níos mó ná crios amháin dá dtagraítear sa phointe seo.",

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 150:

"*Airteagal 150*

Bunaíocht tionscnaimh na n-ainmhithe óna bhfaightear an fheoil úr

Ní cheadófar teacht isteach coinsíneachtaí táirgí feola san Aontas ach amháin i gcás inar próiseáladh iad ó fheoil úr atá de bhunadh ainmhithe a thagann ó bhunaíocht, nó, i gcás ainmhithe fiáine, ó áit laistigh di agus thart timpeall uirthi, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, críoch chomharsanach, nár tuairiscíodh aon cheann de na galair liostaithe is ábhartha do speiceas tionscnaimh na dtáirgí feola i gcomhréir leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, i rith na tréimhse 30 lá roimh an dáta a maraíodh na hainmhithe.",

14. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 156:

"*Airteagal 156*

Táirgí déiríochta nach bhfuil faoi réir cóireáil maolaithe riosca

Ceadófar teacht isteach coinsíneachtaí táirgí déiríochta san Aontas atá de thionscnamh tríú tíre nó críche, nó creasa di, atá liostaithe maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas gan cóireáil shonrach maolaithe riosca a dhéanamh orthu dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XXVII, i gcás ina gcomhlíonann táirgí déiríochta na coinsíneachta na ceanglais seo a leanas:

(a) fuarthas an bainne amh nó an táirge déiríochta uaidh, ónar próiseáladh iad, ó ainmhithe de speicis *Bos taurus, Ovis aries, Capra hircus, Bubalus bubalis* and *Camelus dromedarius*,

(b) comhlíonadh leis an mbainne amh nó leis an táirge déiríochta uaidh, a úsáideadh le haghaidh phróiseáil na dtáirgí déiríochta, na ceanglais ghinearálta ábhartha sláinte sin le haghaidh ainmhithe maidir le teacht isteach táirgí de bhunadh ainmhíoch san Aontas a leagtar síos in Airteagail 3 go 10 agus na ceanglais shonracha sláinte le haghaidh ainmhithe maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas a leagtar amach in Airteagail 153 agus 154, agus dá bhrí sin bhí sé incháilithe chun teacht isteach san Aontas agus tá sé de thionscnamh áit amháin de na háiteanna seo a leanas:

(i) tríú tír nó críoch liostaithe, nó crios di, inar próiseáladh na táirgí,

(ii) tríú tír nó críoch, nó crios di, cé is moite de thríú tír nó críoch liostaithe, nó crios di, inar próiseáladh na táirgí déiríochta agus atá údaraithe le haghaidh teacht isteach bainne amh san Aontas, nó

(iii) Ballstát.",

15. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 163:

"*Airteagal 163*

Ceanglais shonracha maidir le táirgí ilchodacha fadré

1. De mhaolú ar Airteagal 3, pointe (c)(i), maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha nach bhfuil táirgí feola iontu, cé is moite de gheilitín agus collaigin, nó táirgí bunaithe ar ghruth buí, agus a ndearadh cóireáil orthu le go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach, ceadófar a dteacht isteach san Aontas agus dearbhú a bheith ag gabháil leo, mar a fhoráiltear dó i mír 2 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas iontu:

(a) táirgí déiríochta lena gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní dhearnadh cóireáil maolaithe riosca orthu dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XXVII, ar choinníoll go bhfuarthas na táirgí déiríochta sa Aontas nó i dtríú tír nó críoch, nó crios di, atá liostaithe maidir le teacht isteach táirgí déiríochta nach ndearnadh cóireáil maolaithe riosca shonrach orthu san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 156, agus go bhfuil an tríú tír nó críoch nó crios di, más éagsúil, ina dtáirgtear an táirge ilchodach liostaithe freisin maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas gan an ceanglas a bheith ann cóireáil maolaithe riosca shonrach a thabhairt dóibh,

(ii) rinneadh cóireáil maolaithe riosca orthu dá bhforáiltear i gcolún A nó B d'Iarscríbhinn XXVII, is ábhartha don speiceas tionscnaimh an bhainne, ar choinníoll go bhfuarthas san Aontas é, nó i dtríú tír nó críoch, nó crios di, atá liostaithe maidir le teacht isteach táirgí déiríochta san Aontas gan cóireáil maolaithe riosca shonrach a dhéanamh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 156, nó maidir le táirgí déiríochta a ndearnadh cóireáil maolaithe riosca shonrach orthu, i gcomhréir le hAirteagal 157, agus liostaítear an tríú tír nó críoch, nó crios di, ina dtáirgtear an táirge ilchodach, más éagsúil, maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas sa chás go ndearnadh cóireáil maolaithe riosca shonrach orthu,

(iii) rinneadh cóireáil maolaithe riosca orthu atá ar a laghad coibhéiseach leis na cinn dá dtagraítear i gcolún B d'Iarscríbhinn XXVII, gan beann ar speiceas tionscnaimh an bhainne, más rud é nach gcomhlíonann na táirgí déiríochta na ceanglais uile dá bhforáiltear i bpointí (i) nó (ii) den phointe seo nó i gcás ina bhfuarthas iad san Aontas, i dtríú tír, críoch nó crios di nach bhfuil údaraithe maidir le teacht isteach táirgí déiríochta san Aontas ach atá údaraithe maidir le teacht isteach táirgí eile de bhunadh ainmhíoch san Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo,

(b) táirgí uibhe a ndearnadh cóireáil maolaithe riosca orthu atá coibhéiseach leis an gcóireáil a leagtar amach in Iarscríbhinn XXVIII.

2. Maidir leis an dearbhú dá dtagraítear i mír 1:

(a) ní ghabhfaidh an dearbhú sin le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha ach amháin i gcás ina bhfuil ceann scríbe deiridh na dtáirgí ilchodacha san Aontas,

(b) is é an t-oibreoir atá freagrach as teacht isteach choinsíneacht na dtáirgí ilchodacha san Aontas, is é an t-oibreoir sin a eiseoidh an dearbhú sin, dearbhú lena bhfianaítear go gcomhlíonann na táirgí ilchodacha sa choinsíneacht na ceanglais a leagtar amach i mír 1.

3. De mhaolú ar Airteagal 3, pointe (a)(i), maidir leis na táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí déiríochta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a)(iii), den Airteagal seo, agus maidir leis na táirgí ilchodacha ina bhfuil táirgí uibhe a ndearnadh cóireáil orthu chun go n-éireoidís ina dtáirgí fadré ag teocht chomhthimpeallach, ceadófar a dteacht isteach san Aontas i gcás ina dtagann siad ó thríú tír nó críoch, nó crios di nach bhfuil liostaithe go sonrach maidir le teacht isteach na dtáirgí sin de bhunadh ainmhíoch san Aontas ach atá liostaithe maidir le teacht isteach ceachtar díobh seo a leanas san Aontas:

(a) táirgí feola, táirgí déiríochta nó táirgí uibhe, nó

(b) táirgí iascaigh i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2017/625",

16. In Airteagal 166, cuirtear an mhír seo a leanas i ndiaidh na habairte tosaigh:

"Mar sin féin, féadfaidh gairmí sláinte ainmhithe uisceacha an chigireacht chliniciúil dá dtagraítear sa chéad alt a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil an gairmí sláinte ainmhithe údaraithe ag tríú tír nó críoch lena mbaineann faoina dlí náisiúnta chun dul i mbun na gníomhaíochta sin.",

17. in Airteagal 167, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) cé is moite de chás na n-ainmhithe uisceacha dá dtagraítear in Airteagal 172, pointí (d), (e) agus (f), seoladh iad go díreach óna n-áit tionscnaimh chuig an Aontas,",

18. in Airteagal 168, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"Cé is moite de chás na n-ainmhithe uisceacha dá dtagraítear in Airteagal 172, pointí (d), (e) agus (f), sa chás ina n-áirítear iompar soithí nó báid umair le haghaidh cuid den aistear i seoladh coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha chuig an Aontas, ní cheadófar teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha a iompraítear i gcomhréir le hAirteagal 167 san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil dearbhú ag gabháil le hainmhithe uisceacha na coinsíneachta, atá ceangailte leis an deimhniú sláinte ainmhithe agus atá sínithe le máistir an tsoithigh ar an lá a shroicheann an soitheach calafort a chinn scríbe, lena soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas:".

19. in Airteagal 169, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Le táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha cé is moite d'ainmhithe uisceacha beo, a thagann isteach san Aontas atá beartaithe lena bpróiseáil, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) ní mór dóibh a bheith sainaitheanta ag lipéad inléite ar thaobh amuigh an choimeádáin, a thagraítear don deimhniú a eisíodh don choinsíneacht sin,

(b) ní mór na ráitis seo a leanas a bheith ar an lipéad inléite dá dtagraítear i bpointe (a), de réir mar is ábhartha:

(i) "táirgí de bhunadh ainmhíoch ó éisc, cé is moite d'éisc bheo, atá beartaithe lena bpróiseáil san Aontas Eorpach",

(ii) "táirgí de bhunadh ainmhíoch ó mhoilisc, cé is moite de mhoilisc bheo, atá beartaithe lena bpróiseáil san Aontas Eorpach",

(iii) "táirgí de bhunadh ainmhíoch ó chrústaigh, cé is moite de chrústaigh bheo, atá beartaithe lena bpróiseáil san Aontas Eorpach","

20. in Airteagal 174, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. I gcás na gcoinsíneachtaí seo a leanas tar éis a dteacht isteach san Aontas,

(a) iompróidh ainmhithe uisceacha cé is moite de na hainmhithe sin dá dtagraítear in Airteagal 172, pointí (d), (e) agus (f) go díreach chuig a gceann scríbe san Aontas,

(b) láimhseofar ainmhithe agus táirgí uisceacha de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha ar bhealach iomchuí chun a áirithiú nach bhfuil uiscí nádúrtha éillithe.",

21. i gCuid V, cuirfear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Theideal 2:

"TEIDEAL 2

CEANGLAIS MAIDIR LE SLÁINTE AINMHITHE CHUN TIONCHAR GALAR ÁIRITHE A THEORANNÚ, CÉ IS MOITE DE NA GALAIR SIN DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 9(1), POINTE (D), DE RIALACHÁN (AE) 2016/429",

22. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil agus an fhrása réamhráitigh de mhír 1 d'Airteagal 178:

"*Airteagal 178*

Ceanglais speisialta maidir le teacht isteach crúbach, éanlaith chlóis, éan i mbraighdeanas agus ainmhithe uisceacha san Aontas, atá de thionscnamh an Aontais, agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis do thríú tír nó críoch diúltú dá dteacht isteach

1. Ní cheadófar do choinsíneachtaí crúbach, éanlaithe clóis, éan i mbraighdeanas agus ainmhithe uisceacha atá de thionscnamh an Aontais agus atá ag filleadh ar an Aontas teacht isteach san Aontas arís tar éis d'údarás inniúil tríú tíre nó críche diúltú dá dteacht isteach ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:",

23. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil agus an fhrása réamhráitigh de mhír 1 d'Airteagal 179:

"*Airteagal 179*

Ceanglais speisialta maidir le teacht isteach ainmhithe san Aontas, cé is moite de chrúbaigh, d'éanlaith chlóis, d'éin i mbraighdeanas agus d'ainmhithe uisceacha, atá de thionscnamh an Aontais, agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis do thríú tír nó críoch diúltú dá dteacht isteach

1. Ní cheadófar do choinsíneachtaí ainmhithe cé is moite de chrúbaigh, d'éanlaith chlóis agus d'éin i mbraighdeanas agus d'ainmhithe uisceacha atá de thionscnamh an Aontais agus atá ag filleadh ar an Aontas tar éis d'údarás inniúil tríú tíre nó críche diúltú dá dteacht isteach arís san Aontas i gcás ina bhfuil na doiciméid seo a leanas ag gabháil le hainmhithe na coinsíneachta:",

24. Leasaítear Iarscríbhinní VIII, X, XI agus XXI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

in Airteagal 170(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iv):

"(iv) galair ar ghlac Ballstáit áirithe bearta náisiúnta lena n-aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 175 den Rialachán seo, nuair a bhíonn speicis ábhartha i gcoinsíneacht a liostaítear in Iarscríbhinn XXIX a ghabhann leis seo agus a bhfuil Ballstát, crios nó urrann ina ceann scríbe dó atá liostaithe in Iarscríbhinn I nó II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún (*),

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1)".

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní VIII, X, XI, agus XXI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Tréimhsí íosta nach mbíonn cás tuairiscithe nó ráig thuairiscithe ina leith liostaithe sa bhunaíocht tionscnaimh le haghaidh ainmhithe eachaí dá dtagraítear in Airteagal 23(1), pointe (a)(ii):

	Tréimhse	Ceanglais atá le comhlíonadh más rud é go raibh cás tuairiscithe nó ráig thuairiscithe ann roimhe seo sa bhunaíocht
Ionfhabhtú *Burkholderia mallei* (Fothach)	6 mhí	I gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 3 bliana roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tar éis na ráige is déanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil go dtí an tráth: — a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe, agus — a cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha faoi réir tástáil arna déanamh mar a thuairiscítear i bpointe 3.1 de Chaibidil 3.6.11 de Lámhleabhar Mamach Talún na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhíoch (EDSA) (Leagan arna glacadh sa bhliain 2018), ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha ar shamplaí a tógadh 6 mhí ar a laghad ón dáta a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe agus a glanadh agus a díghalraíodh an bhunaíocht.
Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach	6 mhí	Má thagann siad as bunaíocht atá suite i dtríú tír, i gcríoch, nó i gcrios de chuid tríú tír nó críche, inar tuairiscíodh Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach i rith na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta seolta chuig an Aontas, comhlíonann siad na coinníollacha atá ann sa phointe (i) seo a leanas agus na coinníollacha atá ann sa phointe (ii) nó sa phointe (iii) seo a leanas: (i) i rith na tréimhse 21 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, bhí siad sláintiúil, ó thaobh cúrsaí cliniciúla de, agus go ndearnadh aon ainmhí dá dtagraítear i bpointe (ii) nó (iii) a léiriú ardú teochta coirp, arna tógáil ar bhonn laethúil, a chur faoi thástáil dhiagnóiseach i leith Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach trí úsáid a bhaint as an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 10(1), pointe (a), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástálacha iad lenar ghabh torthaí diúltacha, agus (ii) coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad agus iad cosanta ar ionsaithe ó veicteoir feithide, agus — vacsaíníodh na hainmhithe i gcoinne Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach trí bhíthin cúrsa príomhúil iomlán agus athvacsaíníodh iad i gcomhréir le moltaí an mhonaróra tráth nach giorra ná 60 lá agus nach faide ná 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas, nó — cuireadh faoi thástáil iad i leith Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach trí úsáid a bhaint as an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 10(1), pointe (b), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástálacha iad lenar ghabh torthaí diúltacha, agus a rinneadh ar shampla a tógadh tráth nach giorra ná 14 lá tar éis na hainmhithe a thabhairt isteach sna bunachair atá cosanta ar veicteoirí,

		(iii) cuireadh na hainmhithe faoi réir na dtástálacha seo a leanas: — tástáil i leith Einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach trí úsáid a bhaint as an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 10(1), pointe (b), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástáil í nár ghabh aon mhéadú ar thítear antasubstainte léi agus a rinneadh ar shamplaí péireáilte a tógadh ar dhá ócáid a raibh eatramh 21 lá eatarthu agus ar tógadh an dara ceann acu i rith tréimhse 10 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus — tástáil chun géanóm víreas an Einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh a bhrath trí úsáid a bhaint as an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 10(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástáil í a rinneadh ar shampla a tógadh laistigh de 48 n-uaire an chloig roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus na hainmhithe a bheith cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí feithide tar éis na samplála go dtí an seoladh sin.
Galar cúplála eachaí	6 mhí	1. I gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tar éis na ráige is déanaí ar lena linn a d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil go dtí an tráth: — a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe nó a coilleadh na hainmhithe eachaí fireanna go léir, agus — a rinneadh na hainmhithe eachaí eile sa bhunaíocht, cé is moite de na hainmhithe eachaí coillte fireanna go léir dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus a coimeádadh ar leithligh ó ainmhithe eachaí baineanna, a chur faoi thástáil i leith galar cúplála eachaí trí úsáid a bhaint as an modh diagnóiseach dá bhforáiltear i gCuid 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha agus a rinneadh ar shamplaí a tógadh 6 mhí ar a laghad tar éis na bearta a thuairiscítear sa chéad fhleasc den phointe seo a chur i gcrích. 2. De mhaolú ar phointe 1, i gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tar éis na ráige is déanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh agus an t-áitreabh sa bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú.
Surra (*Trypanosoma evansi*)	6 mhí	1. I gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta seolta chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil go dtí an tráth: — a tugadh na hainmhithe chun bealaigh ón mbunaíocht, agus — a chuaigh na hainmhithe a bhí fágtha faoi thástáil i leith surra (*Trypanosoma evansi*) trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha agus a rinneadh ar shamplaí a tógadh 6 mhí ar a laghad tar éis an t-ainmhí ionfhabhtaithe deireanach a thabhairt chun bealaigh ón mbunaíocht.

		2. De mhaolú ar phointe 1, i gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 2 bhliain roimh an dáta seolta chuig an Aontas, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh agus an t-áitreabh sa bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú.
Ainéime thógálach eachaí	90 lá	1. I gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tar éis na ráige is déanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil go dtí an tráth: — a maraíodh agus a scriosadh na hainmhithe ionfhabhtaithe, agus — a cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil i leith ainéime thógálach eachaí trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear i gCuid 9 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688, ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha agus a rinneadh ar shamplaí a tógadh ar dhá ócáid a raibh tréimhse íosta 3 mhí ann eatarthu tar éis na bearta a thuairiscítear sa chéad fhleasc den phointe seo a chur i gcrích agus an bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú. 2. De mhaolú ar phointe 1, i gcás ionfhabhtú a bheith tuairiscithe sa bhunaíocht i rith na tréimhse 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas, tar éis na ráige is déanaí, d'fhan an bhunaíocht faoi shrianta gluaiseachta de chuid an údaráis inniúil ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis an t-ainmhí deireanach den speiceas liostaithe ar an mbunaíocht a mharú agus a scriosadh agus an t-áitreabh sa bhunaíocht a ghlanadh agus a dhíghalrú.
Confadh	30 lá	-
Antrasc	15 lá	-"

(2) In Iarscríbhinn X, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. **AINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH**

Ní mór ainmhithe fireanna neamhchoillte den chineál caorach, seachas na cinn sin atá beartaithe lena marú san Aontas, a bheith i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) bhí siad i láthair, ar feadh tréimhse leanúnach 30 lá ar a laghad, i mbunaíocht nár tuairiscíodh eipididimitis caorach (*Brucella ovis*) inti i rith na tréimhse 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas,

(b) cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch i leith eipididimitis caorach (Brucella ovis) iad, ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha, i rith na tréimhse 30 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas.",

(3) leasaítear Iarscríbhinn XI mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1.:

"2.1. **Ceanglais shonracha maidir le tinneas Afracach eachaí**

Ní mór ainmhithe eachaí a bheith i gcomhréir leis an tsraith ceanglas atá leagtha amach sna pointí seo a leanas:

(a) coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus cuireadh tástáil shéireolaíoch agus sainaitheanta oibreáin orthu i leith tinneas Afracach na gcapall, ar tástáil í lenar ghabh toradh diúltach i ngach cás agus a rinneadh ar shampla fola a tógadh tráth nach giorra ná 28 lá tar éis an t-ainmhí a thabhairt isteach sna bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí agus laistigh de thréimhse 10 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas,

(b) coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus cuireadh tástálacha séireolaíocha orthu chun antashubstaintí in aghaidh víreas thinneas Afracach na gcapall a bhrath, ar tástáil í nár ghabh aon mhéadú suntasach ar thítear antasubstainte léi agus a rinneadh ar shamplaí fola a tógadh ar dhá ócáid a raibh eatramh nach giorra ná 21 lá eatarthu agus ar bailíodh an chéad sampla acu 7 lá ar a laghad tar éis an dáta a tugadh na hainmhithe isteach sna bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí,

(c) coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 14 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus cuireadh tástáil sainaitheantais oibreáin orthu i leith víreas thinneas Afracach na gcapall, ar tástáil í lenar ghabh toradh diúltach agus a rinneadh ar shampla fola a tógadh tráth nach giorra ná 14 lá tar éis an t-ainmhí a thabhairt isteach sna bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí agus nach faide ná 72 uair an chloig roimh an am seolta chuig an Aontas, agus cruthúnas faighte, mar thoradh ar shíor-fhaireachán a dhéanamh ar an gcosaint ar veicteoirí, nach ann do veicteoirí feithide laistigh de na bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí,

(d) tá fianaise dhoiciméadach ann gur vacsaíníodh na hainmhithe in aghaidh tinneas Afracach na gcapall trí bhíthin cúrsa príomhúil iomlán agus gur athvacsaíníodh iad i gcomhréir le moltaí an mhonaróra, le vacsaín cheadúnaithe in aghaidh gach séiritíopa de víreas thinneas Afracach na gcapall atá i láthair sa daonra foinseach 40 lá ar a laghad roimh theacht isteach sna bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí, agus coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas,

(e) coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus cuireadh tástáil shéireolaíoch orthu i leith antashubstaintí in aghaidh víreas thinneas Afracach na gcapall a bhrath, ar tástáil í a rinne an tsaotharlann chéanna, an lá céanna, ar shampla fola a tógadh i rith na tréimhse leithlise i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar dhá ócáid a raibh eatramh idir 21 lá agus 30 lá ann eatarthu, Ní mór, maidir leis an dara ceann acu sin, gur tógadh é laistigh de thréimhse 10 lá ón dáta seolta chuig an Aontas, agus ní mór torthaí diúltacha a bheith ann i ngach cás nó ní mór toradh diúltach a bheith ann i dtástáil sainaitheanta oibreáin i leith víreas thinneas Afracach na gcapall a mhéid a bhaineann leis an dara sampla.",

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.:

"2.2. **Ceanglais shonracha maidir le heinceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach**

Ní mór ainmhithe eachaí a bheith i gcomhréir le ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo:

(a) tá na hainmhithe vacsaínithe in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach trí bhíthin cúrsa príomhúil iomlán agus gur athvacsaíníodh iad i gcomhréir le moltaí an mhonaróra i rith tréimhse nach giorra ná 60 lá agus nach faide ná 12 mhí roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus coimeádadh na hainmhithe ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh 21 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas, agus, i rith na tréimhse sin, d'fhan siad i riocht sláintiúil, ó thaobh cúrsaí cliniciúla de, agus d'fhan teocht a gcorp, arna tógáil uair sa lá, laistigh den ghnáthraon fiseolaíoch.

Rinneadh aon ainmhí eachaí eile a bhí ann sa bhunaíocht chéanna agus a léirigh ardú ar theocht choirp a chur faoi thástáil fola i leith einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha,

(b) ní raibh na hainmhithe vacsaínithe in aghaidh einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach agus coimeádadh iad ar leithlis i mbunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus, i rith na tréimhse sin, d'fhan siad i riocht sláintiúil, ó thaobh cúrsaí cliniciúla de, agus d'fhan teocht a gcoirp, arna tógáil uair sa lá, laistigh den ghnáthraon fiseolaíoch. I rith

na tréimhse leithlise, cuireadh na hainmhithe faoi thástáil dhiagnóiseach i leith einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach, ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha agus a rinneadh ar shampla a tógadh tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dáta tosaithe leithlis na n-ainmhithe sna bunaíochtaí atá cosanta ar veicteoirí, agus d'fhan na hainmhithe cosanta ar veicteoir-fheithidí go dtí gur seoladh chuig an Aontas iad.

Rinneadh aon ainmhí eachaí eile a bhí ann sa bhunaíocht chéanna agus a léirigh ardú ar theocht choirp, arna tógáil uair amháin sa lá, a chur faoi thástáil fola i leith einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach ar tástáil í lenar ghabh torthaí diúltacha,

(c) cuireadh na hainmhithe faoi thriail ar chosc haemaighleanúna i leith einceifealaimiailíteas eachaí Veiniséalach a rinne an tsaotharlann chéanna an lá céanna ar shamplaí a tógadh ar dhá ócáid a raibh eatramh 21 lá ann eatarthu agus ar tógadh an dara ceann acu i rith tréimhse 10 lá roimh an dáta seolta chuig an Aontas, gan aon mhéadú a bheith ann ar thítear antasubstainte, mar aon le tástáil i leith imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (RT-PTR) a dhéanamh chun géanóm víreas an einceifealaimiailítis eachaí Veiniséalaigh a bhrath, ar tástáil í a rinneadh, gan aon toradh diúltach, ar shampla a tógadh laistigh de 48 n-uaire an chloig roimh an dáta seolta chuig an Aontas agus na hainmhithe a bheith cosanta ar ionsaithe ó veicteoirí ó thráth na samplála RT-PRT go dtí an tráth lódála i gcomhair seoladh, trí úsáid a bhaint as éarthaigh agus feithidicídí ar na hainmhithe agus, chomh maith leis sin, trí dhífheithidiú an stábla agus an mheáin ina n-iompraítear iad.",

(c) cuirtear an pointe 3 seo a leanas leis:

"3. **BUNAÍOCHT ATÁ COSANTA AR VEICTEOIRÍ**

Critéir íosta maidir le stádas bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí a dheonú:

(a) tá bacainní cuí fisiciúla ann ag pointí iontrála agus imeachta, mar shampla, córas dul isteach-imeachta doirse dúbailte,

(b) ní mór oscailtí na bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí a bheith sciata in aghaidh veicteoirí le mogall a bhfuil tomhas cuí aige, agus iad tuilte go rialta le feithidicíd cheadaithe de réir threoracha an mhonaróra,

(c) ní mór faireachas agus rialú veicteora a dhéanamh laistigh den bhunaíocht atá cosanta ar veicteoirí agus timpeall uirthi,

(d) ní mór bearta a dhéanamh chun láithreáin póraithe veicteoirí a theorannú, nó chun iad a dhíothú, i gcóngar na bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí,

(e) ní mór nósanna imeachta caighdeánacha a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear tuairiscí faoi chórais chúltaca agus aláraim, ar nósanna imeachta iad lena n-úsáid i ndáil le hoibriú na bunaíochta atá cosanta ar veicteoirí agus maidir leis na hainmhithe a iompar ón mbunaíocht sin go dtí an áit lódála i gcomhair seoladh chuig an Aontas.",

(4) in Iarscríbhinn XXI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b):

"(b) ní mór gur tréidlia a riarann an táirge laistigh de thréimhse dar tosach tráth nach mó ná 48 n-uaire an chloig agus dar críoch tráth nach lú ná 24 uair an chloig, roimh an am seolta chuig an Aontas,".